Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Nollaig 2019**
**(OR. en)**

**14630/19**

**SOC 776**
**EMPL 589**
**SAN 496**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 14256/19 |
| Ábhar: | Creat Straitéiseach nua an Aontais maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair 2014-2020: feabhas a chur ar chur chun feidhme na Sábháilteachta agus na Sláinte ag an Obair san Aontas<br>– Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite.

Tháinig na toscaireachtaí ar chomhaontú maidir leis an téacs, arna thionscnamh ag Uachtaránacht na Fionlainne, ag cruinniú de Choiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) ar an 4 Nollaig 2019. I mír 14 agus ar an leathanach deiridh rinneadh modhnuithe eagarthóireachta i gcomparáid le 14256/19. Tá siad marcáilte **i gcló trom**.

Iarrtar ar Chomhairle EPSCO na dréachtchonclúidí seo a ghlacadh ag an seisiún a bheidh aici ar an 10 Nollaig 2019.

**Creat Straitéiseach nua an Aontais maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair 2014-2020: Cur chun feidhme na Sábháilteachta agus na Sláinte san Aontas a fheabhsú**

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle**

**AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á AITHINT AICI**

1. Déantar oibrithe san Aontas Eorpach a chosaint go hiomchuí den chuid is mó, agus fostóirí freagrach as sábháilteacht agus sláinte ag an obair (dá ngairtear (dá ngairtear 'OSH' anseo feasta), in ainneoin difríochtaí i gcúinsí oibre idir na Ballstáit agus laistigh díobh agus in earnálacha éagsúla den gheilleagar. Is bunchloch de dhea-bhail agus de chosaint oibrithe é OSH, agus cuireann sé le fás eacnamaíoch agus le hiomaíochas an Aontais.

2. Gné thábhachtach de gheilleagar na dea-bhaile is ea OSH. D'iarr an Chomhairle ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún geilleagar na dea-bhaile a áireamh i mbeartais náisiúnta agus i mbeartais an Aontais[1].

3. Cabhraíonn infheistíochtaí in OSH le tinnis, tionóiscí agus strus díobhálach fisiceach agus síceasóisialta a bhaineann leis an obair a chosc**,** agus bíonn tionchar dearfach inbhraite acu ar an ngeilleagar trí chur le feidhmíocht níos fearr agus gairmeacha oibre inbhuanaithe. Bíonn níos lú drochshláinte a bhaineann leis an obair mar thoradh ar OSH, rud a laghdaíonn neamhláithreacht, pinsin mhíchumais, láithreacht, saineolas caillte agus préimheanna árachais, agus a laghdaíonn costais dá bhrí sin. Méadaítear sásamh oibrithe, tiomantas dá bhfostóir***í*** agus táirgiúlacht trí fheabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte ag an obair agus ar dhea-bhail ag an obair.

**1** Conclúidí ón gComhairle Deireadh Fómhair 2019 maidir le geilleagar na dea-bhaile, IO C 400, 26.11.2019, lch. 9

4. Tá reachtaíocht fhairsing ag an Aontas i réimse OSH. Bunaíodh creat le haghaidh OSH le Treoir 89/391/CEE (Treoir Réime[2]) chun bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar OSH a spreagadh trí phrionsabail ghinearálta a leagan síos maidir le cosaint sláinte agus sábháilteacht oibrithe san Aontas. Comhlánaítear an Treoir Réime le breis agus 25 treoir aonair lena gcumhdaítear guaiseacha sonracha ag an obair, gníomhaíochtaí sonracha, earnálacha a bhfuil rioscaí níos airde ag baint leo, agus grúpaí áirithe ar leochaileach a gcás.

5. Tá torthaí tábhachtacha bainte amach ag Creat Straitéiseach an Aontais maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair 2014-2020, go háirithe trí threoir a thabhairt d'iarrachtaí na mBallstát i dtreo beartais náisiúnta níos fearr agus níos éifeachtaí maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair. Tá pleananna gníomhaíochta náisiúnta bunaithe ar an gCreat glactha ag formhór na mBallstát. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go mbunófaí Creat Straitéiseach nua an Aontais maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair don tréimhse 2021-2027.

6. Le fógairt cholún Eorpach na gceart sóisialta (dá ngairtear 'an colún' anseo feasta), dhearbhaigh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún go bhfuil siad tiomanta go láidir do chearta bunúsacha na n-oibrithe agus do dhálaí maireachtála agus oibre feabhsaithe. Cuireann Prionsabal 5 i dtreis gur gá dálaí oibre ardcháilíochta, lena n-áirítear cineálacha nuálacha oibre. Le Prionsabal 10 den cholún, leagtar béim ar an gceart atá ag oibrithe 'leibhéal ard cosanta ar a sláinte agus ar a sábháilteacht a fháil san obair' agus 'timpeallacht oibre a bheith acu atá curtha in oiriúint dá riachtanais ghairmiúla, agus a chuireann ar a gcumas fad a chur lena rannpháirtíocht i margadh an tsaothair'. Le Prionsabal 17, leagtar béim ar an gceart atá ag daoine faoi mhíchumas 'ar sheirbhísí a chuireann ar a gcumas a bheith rannpháirteach sa mhargadh saothair agus sa tsochaí, agus ar thimpeallacht oibre atá curtha in oiriúint dá gcuid riachtanais'. I gClár Oibre Straitéiseach 2019-2024, liostaigh an Chomhairle Eorpach cur chun feidhme an cholúin ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát i measc na ngníomhaíochtaí tosaíochta.

---

[2] Treoir maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh.

7. Tá an feabhas a rinneadh ar an reachtaíocht maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair le blianta beaga anuas fíor-thábhachtach, mar atá, teorainnluachanna ceangailteacha maidir le nochtadh ag an obair a shocrú do charcanaiginí agus do shó-ghineacha tosaíochta . Socraítear teorainnluachanna ceangailteacha maidir le nochtadh do 25 substaint anois. Ba cheart go laghdódh na teorainneacha nochta sin an baol go bhforbródh na milliún oibrí ailse. Dá bhrí sin, ní mór tús áite a thabhairt i gcónaí don obair maidir le carcanaiginí agus só-ghineacha eile a shainaithint san áit oibre agus teorainnluachanna a leagan síos dóibh.

8. Tá rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta ríthábhachtach chun dálaí oibre san Aontas a fheabhsú. Leis sin, is féidir reachtóireacht agus cur chun feidhme na reachtaíochta a bheith bunaithe ar eolas réalaíoch ar na riachtanais iarbhír. Áirithítear leis an rannpháirtíocht sin freisin go bhfuil na comhpháirtithe sóisialta tiomanta d'fhorbairt agus do dhul chun cinn na sláinte agus na sábháilteachta ag an obair.

**Á MHEABHRÚ DI**

9. Go bhféadfaí deiseanna dearfacha a chur ar fáil agus acmhainneacht a bheith ann chun dálaí oibre a fheabhsú leis na hathruithe gasta atá ann faoi láthair laistigh de mhargadh an tsaothair, lena n-áirítear an digiteáil agus méadú ar úsáid na hintleachta saorga. Is dúshláin iad teacht chun cinn gairmeacha nua agus modhanna nua oibre, líon méadaitheach na gcineálacha nua áiteanna oibre agus na gcineálacha nua oibre (i réimsí amhail fochonraitheoireacht, an obair dhigiteach, slua-obair, obair ar éileamh, agus geilleagair na comhroinnte agus ardán) agus líon ard na ndaoine féinfhostaithe. Ní i gcónaí a bhíonn bearta chun oibrithe a chosaint agus reachtaíocht maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair, lena n-áirítear raon feidhme na reachtaíochta sin, ag coinneáil cos leis na hathruithe sin. Ina theannta sin, baineann rioscaí an-ard sláinte agus sábháilteachta ag an obair leis an obair neamhdhearbhaithe. Ag an am céanna, tá roinnt de na treoracha Aontais atá ann cheana amhail an Treoir maidir leis an áit oibre (89/654) agus an Treoir maidir le trealamh scáileán taispeána (90/270) as dáta.

10. Is micrifhiontair agus FBManna iad beagnach 93 % de na fiontair ar fad san Aontas[3]. Is minic nach mbíonn an t-eolas ná na hacmhainní acu chun riachtanais OSH a chomhlíonadh, agus dá bhrí sin bíonn dúshláin rompu ó thaobh reachtaíocht OSH a chur chun feidhme. Tá micrifhiontair agus FBManna an-ilchineálach. Tá siad gníomhach i réimsí atá an-éagsúil óna chéile, agus is féidir éagsúlacht mhór a bheith idir na cúinsí réigiúnacha agus áitiúla. Dá bhrí sin, níl aon réiteach a oireann do chách. Ina theannta sin, is minic a mheasann fiontair gur costas neamhriachtanach seachas infheistíocht bhrabúsach é comhlíonadh oibleagáidí maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair.

11. Bíonn fianaise théagartha agus sonraí inchomparáide maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair in easnamh go minic. Is fíor sin go háirithe i gcás staidrimh ar thionóiscí agus ar ghalair cheirde. Tá baraiméadar OSH á fhorbairt faoi láthair ag an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, (EU-OSHA), baraiméadar ar cheart dó feabhas a chur ar an mbunachar sonraí. Ina theannta sin, sheol Eurostat[4] staidéar modheolaíoch ar na fadhbanna a bhaineann le tearcthuairisciú. Leis an dá bheartas sin, cuirfear feabhas ar bhonn fianaise bheartais OSH.

12. Tá rioscaí síceasóisialta agus strus oibre i measc na n-ábhar imní is dúshlánaí agus is práinní maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair. Measann thart ar leath de na hoibrithe ar fad san Aontas gur dúshlán comhchoiteann é an strus a bhaineann leis an obair ina n-áit oibre. Tuairiscíonn breis agus an ceathrú cuid de na hoibrithe go léir go mbíonn strus a bhaineann leis an obair orthu san iomlán nó sa chuid is mó dá gcuid ama oibre. Is iad na cúiseanna is minice a luaitear le strus oibre ná neamhshláine post, uaireanta oibre fada nó mírialta ualach oibre iomarcach, agus ciapadh agus foréigean ag an obair. Sainaithníonn beagnach 80% d'áiteanna oibre in AE28 fachtóir riosca síceasóisialta amháin ar a laghad mar fhachtóir atá laistigh dá n-eagraíocht. Mar sin féin, ní dhéanann ach 76% de na háiteanna oibre i dtuarascáil AE28 measúnuithe riosca ar bhonn rialta. As na háiteanna oibre sin, níl ann ach tuairim is dhá thrian a thuairiscíonn go n-áirítear rioscaí síceasóisialta laistigh de na measúnuithe sin, go pointe áirithe siocair nach bhfuil faisnéis ná uirlisí leordhóthanacha acu chun déileáil go héifeachtach leis na rioscaí sin[5].

---

**3** Eurostat, cód sonraí ar líne sbs_sca_sca_r2, an bhliain tagartha 2019.
**4** Eurostat, ESTAT/F5/ESAW/201904.
**5** An dara suirbhé Eorpach ar fhiontair ar rioscaí nua agus ar rioscaí atá ag teacht chun cinn (ESENER-2). EU-OSHA, 2016.

13. Is minic mná ag obair in earnálacha éagsúla ina bhfuil dálaí oibre agus rioscaí OSH éagsúil ó na cinn a bhíonn ag fir. Mar gheall air sin, agus nuair a áirítear, fiú agus iad ag obair san earnáil nó sa ghairm chéanna, gur minic nach ionann a gcúraimí agus cúraimí fear, tagann fachtóirí riosca fisiceacha agus síceasóisialta éagsúla chun cinn d'fhir agus do mhná. Ina theannta sin, is iomaí bean a ndéantar ciapadh gnéasach orthu san áit oibre. Tá ciapadh gnéasach déanta ar idir 45% agus 55% de mhná na 28 mBallstát ó bhí siad 15 bliain d'aois agus tá sé ráite ag 32% de na mná sin gur duine laistigh den áit oibre a b'údar leis.[6].

14. Nochtadh do ghluaiseachtaí atriallacha, suíomhanna tuirsiúla agus pianmhara chomh maith le hualaí troma a iompar nó a bhogadh a áirítear fós i measc na bhfachtóirí riosca ceirde is forleithne san Aontas[7]. Is iad neamh**oird** mhatánchnámharlaigh (dá ngairtear NMC anseo feasta) an fhadhb sláinte is forleithne a bhaineann leis an obair[8]. I measc na n-oibrithe san Aontas a thuairiscíonn go bhfuil fadhb sláinte acu a bhaineann leis an obair, léiríonn 60% go bhfuil NMC ar an dúshlán is tromchúisí acu. Tá treoracha an Aontais maidir le cosc a chur ar neamhoird mhatánchnámharlaigh a bhaineann leis an obair as dáta.

15. Is í an ailse an chúis is mó i gcónaí atá le básanna a bhaineann leis an obair san Aontas. Meastar go mbeidh na costais bhliantúla ghaolmhara ar fud an Aontais le haghaidh caiteachas ar chúram sláinte agus caillteanais tháirgiúlachta idir EUR 4 bhilliún agus EUR 7 mbilliún. Sa bhreis ar charcanaiginí, d'fhéadfadh oibrithe a bheith neamhchosanta ar chineálacha éagsúla substaintí contúirteacha eile in áiteanna oibre. Tá dúshláin nua a d'fhéadfadh a bheith ann do bhainistiú substaintí contúirteacha, amhail substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh agus nana-ábhair, ag cothú fadhbanna freisin in áiteanna oibre. Uaireanta cruthaítear forluí le reachtaíocht an Aontais maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair agus lena reachtaíocht maidir le ceimiceáin nó fiú le ceanglais atá ag teacht salach ar a chéile, rud a d'fhéadfadh mearbhall, ualach riaracháin agus éiginnteacht dhlíthiúil a chruthú. Ina theannta sin, ní bhíonn faireachas sláinte ar oibrithe a nochtar do shubstaintí contúirteacha rialta córasach i gcónaí, go háirithe nuair nach nochtar oibrithe do na substaintí sin a thuilleadh, e.g. nuair a d'athraigh siad poist nó nuair a chuaigh siad ar scor.

---

**6** Tuarascáil 2018 maidir le Comhionannas idir Mná agus Fir san Aontas Eorpach. Ceartas agus Tomhaltóirí. An Coimisiún Eorpach 2018.

**7** An Suirbhé ar Dhálaí Oibre san Eoraip (EWCS). Eurofound 2015.

**8** Suirbhé an Aontais Eorpaigh ar an bhFórsa Saothair (AE-SFS) 2013.

16. Le hathrú leanúnach déimeagrafach, is gá gairmeacha oibre níos faide a chur chun cinn chun an lucht saothair uile atá ar fáil a úsáid, lena n-áirítear níos mó agus níos mó oibrithe atá os cionn 65 bhliain d'aois. Dá bhrí sin, tá méadú tapa ag teacht ar líon agus cion na n-oibrithe scothaosta. D'fhéadfadh sé nach mbeadh oibrí scothaosta in ann leanúint leis an obair a bhfuil neart coirp ag teastáil lena haghaidh, ach d'fhéadfadh sé a bheith toilteanach agus ábalta obair eile nach bhfuil chomh casta sin go fisiciúil a dhéanamh. Faoi láthair, is minic nach mbíonn sé indéanta, tarraingteach, suimiúil ná spreagúil d'oibrithe scothaosta ná dóibh siúd atá faoi pháirt-mhíchumas nó a bhfuil tinneas ainsealach orthu leanúint den obair nó dul ar ais ag obair mar gheall ar chleachtais agus ar mhodhanna oibre.

17. Tá raon leathan feidhmeanna ag cigirí saothair chun cuidiú comhlíonadh na reachtaíochta náisiúnta a chur chun cinn a áirithiú, i réimsí amhail OSH, dálaí oibre agus gnéithe eile den fhostaíocht freisin, agus d'fhéadfadh a n-acmhainní a bheith teoranta acu uaireanta. Cruthaíonn rioscaí nua agus cineálacha nua oibre dúshláin bhreise maidir le cigireacht éifeachtach saothair a dhéanamh , agus tá cineálacha nua cuir chuige ag teacht chun cinn maidir le modhanna traidisiúnta agus modhanna forfheidhmithe a chomhlánú.

**IARRANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN EORPACH,** i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, agus neamhspleáchas agus ról na gcomhpháirtithe sóisialta, inniúlacht náisiúnta agus samhlacha éagsúla margaidh saothair na mBallstát á n-urramú*,*

<u>chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán an tsaoil oibre athraithigh</u>, an méid seo a leanas a dhéanamh:

18. GACH IARRACHT A DHÉANAMH cosaint na n-oibrithe go léir a fheabhsú, go háirithe oibrithe i gcineálacha fostaíochta neamhghnácha agus oibrithe áirithe ar leochaileach a gcás arb é is aidhm dóibh iad a chumhdach agus a chosaint go hiomchuí agus go leordhóthanach trí bhearta OSH.

19. AGHAIDH A THABHAIRT, ar bhealach éifeachtach réamhghníomhach, ar na rioscaí nua a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht ag an obair, a eascraíonn as athraithe i gcleachtais oibre agus i dteicneolaíochtaí, agus i dtionscadail agus i gcláir a fhaigheann cistiú ón Aontas freisin, de réir mar is iomchuí.

20. An fhianaise agus na sonraí a fhorbairt ar bhealach níos cuimsithí chun straitéisí, pleananna gníomhaíochta, reachtaíocht agus treoir OSH a fheabhsú.

D'fhonn cuidiú le FBManna agus micrifhiontair, agus, an t-ualach riaracháin neamhriachtanach á laghdú ag an am céanna, a gcuid oibrithe a chosaint go hiomchuí agus méadú ar fheidhmíocht agus ar tháirgiúlacht a fheiceáil mar thoradh ar bhearta OSH,

21. plean gníomhaíochta de chuid an Aontais agus pleananna gníomhaíochta náisiúnta A BHUNÚ chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar dhúshláin chur chun feidhme oibleagáidí OSH. Féadfaidh na pleananna gníomhaíochta sin a bheith ina gcuid de chreat straitéiseach an Aontais maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair agus maidir le straitéisí náisiúnta OSH.

22. FORBAIRT a dhéanamh, ar bhonn na riachtanas iarbhír, ar uirlisí saincheaptha, go háirithe uirlisí ar líne amhail Measúnú Riosca Idirghníomhach Ar Líne (OIRA), chun cuidiú le micrifhiontair agus FBManna saincheisteanna OSH a chomhtháthú ina gcuid straitéisí, measúnú riosca agus bainistiú riosca, chomh maith leo bearta OSH a chur chun feidhme san obair laethúil.

23. ÚSÁID A BHAINT as cistí an Aontais, i gcás inarb iomchuí, chun feidhme éifeachtúil OSH a chur chun cinn, trí thacú le múscailt feasachta, oideachas agus oiliúint, mar shampla.

24. FORBAIRT a dhéanamh ar mhodhanna agus eolas agus saineolas A CHOMHROINNT ar conas a áirithiú, i slabhraí soláthair, go mbeidh ardchaighdeáin OSH á gcomhlíonadh ag fochonraitheoirí agus laistigh de chuibhreannais.

D'fhonn guaiseacha a dhíothú agus galair a chosc, lena n-áirítear ailse de dheasca substaintí contúirteacha a bheith á n-úsáid ar an láthair oibre,

25. teorainnluachanna ceangailteacha táscacha uile an Aontais arb ann dóibh cheana A CHUR I bhFEIDHM agus FAIREACHÁN éifeachtach a dhéanamh orthu.

26. sonraí, faisnéis agus staidreamh maidir le guaiseacha agus rioscaí, mar aon le bearta coisctheacha agus bainistiú substaintí contúirteacha A BHAILIÚ agus A CHUR I dTOLL A CHÉILE.

D'fhonn aghaidh a thabhairt ar an dúshlán a ghabhann le rioscaí síceasóisialta agus le tionóiscí agus galar a bhaineann leis an obair, lena n-áirítear NMCanna,

27. FEABHAS A CHUR AR mhodhanna staidrimh, i gcás inarb ábhartha, lena n-áirítear táscairí atá inchomparáide ar fud an Aontais, chun feidhmíocht OSH a thomhas agus faireachán a dhéanamh uirthi i dtéarmaí tionóiscí agus galair cheirde agus fachtóirí riosca síceasóisialta a bhaineann leis an timpeallacht oibre.

28. FEABHAS A CHUR AR an gcomhar idir OSH, saineolaithe fostaíochta agus sláinte agus údaráis inniúla chun na deiseanna, na dúshláin agus na riachtanais a bhaineann le treoir, cóireáil, athshlánú agus filleadh na n-oibrithe ar an obair a chur san áireamh ina n-iomláine.

Chun an ghné inscne de OSH a chur san áireamh agus ciapadh a chomhrac, lena n-áirítear gnéaschiapadh, agus bulaíocht san áit oibre,

29. lánurraim do phrionsabail an chomhionannais inscne agus an neamh-idirdhealaithe A CHUR CHUN CINN go gníomhach agus na bearta is gá a dhéanamh arb é is aidhm dóibh an foréigean agus an ciapadh a dhíothú i saol na hoibre, i gcomhréir le dlíthe agus cleachtais náisiúnta.

30. MOLADH d'fhostóirí gné inscne a chur san áireamh i mbainistiú OSH agus aird ar leith á tabhairt ar eagrú na hoibre.

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH:**

31. **Creat Straitéiseach** nua **an Aontais maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair don tréimhse 2021 — 2027** A GHLACADH, **agus aird ar leith á tabhairt ar na dúshláin a shainaithnítear sna *c*onclúidí seo**.

D'fhonn aghaidh a thabhairt ar an dúshlán a ghabhann le saol oibre atá ag athrú,

32. LEANÚINT de na híoscheanglais maidir le OSH a fheabhsú agus reachtaíocht OSH amhail Treoir (89/654) maidir leis an Áit Oibre agus Treoir (90/270) maidir le Trealamh Scáileán Taispeána a thabhairt cothrom le dáta.

33. AGHAIDH A THABHAIRT, i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta inniúla, le Gníomhaireachtaí inniúla an Aontais agus leis an gCoiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (ACSH), ar dhúshláin OSH a ghabhann le cineálacha nua oibre agus na himpleachtaí a bhaineann leo.

D'fhonn aghaidh a thabhairt ar an dúshlán a ghabhann le rioscaí síceasóisialta agus le tionóiscí agus galar a bhaineann leis an obair, lena n-áirítear NMCanna,

34. Teachtaireacht A EISIÚINT maidir le fachtóirí riosca síceasóisialta, measúnú riosca, bainistiú riosca agus acmhainní síceasóisialta ag an obair, lena ndírítear go sonrach ar na dúshláin a thagann chun cinn mar gheall ar shaol oibre atá ag athrú.

35. Straitéis meabhairshláinte A MHOLADH don Aontas, agus tionchair trasearnála beartas éagsúil, lena n-áirítear OSH, ar mheabhairshláinte, á gcur san áireamh.

36. ábhar treorach eirgeanamaíoch a bhaineann le NMCanna A SHOLÁTHAR, lena n-áirítear múscailt feasachta, uirlisí praiticiúla, oideachas agus oiliúint, seachas an t-ábhar a bhaineann le láimhsiú nó obair scáileán taispeána.

37. Cuir chuige '*Vision Zero*' i dtaca le tionóiscí marfacha agus galair cheirde mharfacha san áit oibre A CHUR SAN ÁIREAMH i gCreat Straitéiseach nua an Aontais maidir le Sábháilteacht agus Sláinte Ceirde, agus é dírithe go príomha ar chultúr coisc a chur chun cinn agus ar fheabhas a chur ar chultúr na sábháilteachta san áit oibre agus dea-chleachtas a mhalartú.

D'fhonn guaiseacha a dhíothú agus galair a chosc, lena n-áirítear ailse de dheasca substaintí contúirteacha a bheith á n-úsáid ar an láthair oibre,

38. tuilleadh teorainnluachanna ceangailteacha A MHOLADH le haghaidh carcanaiginí tosaíochta agus substaintí contúirteacha eile, bunaithe ar phrionsabal an réamhchúraim agus ar fhianaise eolaíoch atá cothrom le dáta, agus teorainnluachanna atá ann cheana A NUASHONRÚ, más gá sin chun oibrithe a chosaint.

39. Treoir A FHORBAIRT maidir leis na teorainnluachanna ceangailteacha a thugtar isteach ar an leibhéal Eorpach a thomhas, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, teorainnluachanna bitheolaíocha.

40. An caidreamh idir reachtaíocht OSH agus reachtaíocht REACH A SHOILÉIRIÚ agus comhordú A FHEABHSÚ trí nósanna imeachta agus critéir thrédhearcacha a fhorbairt a úsáidfear agus na roghanna rialála substaintshonracha is iomchuí á ndéanamh.

**IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH:**

D'fhonn aghaidh a thabhairt ar an dúshlán a ghabhann le saol oibre atá ag athrú,

41. straitéisí agus beartais náisiúnta OSH A GHLACADH agus iad A FHEABHSÚ ar bhonn leanúnach.

42. A FHORÁIL go mbeidh na hacmhainní iomchuí ar fáil do chigireachtaí saothair náisiúnta, go gcuirfear oiliúint ar chigirí agus go mbeidh siad ar an eolas faoi na modhanna is déanaí i dtaca le cigireachtaí agus múscailt feasachta, go háirithe i ndáil le teicneolaíochtaí nua agus cineálacha nua oibre.

D'fhonn cuidiú le FBManna agus micrifhiontair, agus an t-ualach riaracháin neamhriachtanach á laghdú ag an am céanna, a gcuid oibrithe a chosaint go hiomchuí agus méadú ar fheidhmíocht agus ar tháirgiúlacht a fheiceáil mar thoradh ar bhearta OSH,

43. an rochtain atá ag micrifhiontair agus FBManna ar uirlisí treoracha agus ar chistiú A ÉASCÚ i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta, a mhéid a bhaineann le bainistiú ghníomhaíochtaí OSH a fheabhsú.

44. Na buntáistí a bhaineann le OSH fónta A CHUR CHUN CINN ó thaobh iomaíochais de, go háirithe chun go gcuirtear le muinín na gcustaiméirí agus na n-infheisteoirí leo, go bhfeabhsaítear clú na bhfiontar ionas go n-éireoidh níos fearr leo i dtéarmaí díolacháin agus earcaíochta, agus go laghdaítear na costais a bhaineann le míchumas agus neamhláithreachas.

45. scileanna agus eolas na bhfostóirí A CHOTHÚ maidir le hoibleagáidí agus dea-chleachtais i mbainistiú ghníomhaíochtaí OSH.

46. TACÚ LE soláthraithe seachtracha seirbhíse OSH, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta, a gcuid seirbhísí a fhorbairt agus a fheabhsú ionas go mbeidh siad in ann réitigh shaincheaptha shonracha a sholáthar do FBManna.

D'fhonn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a ghabhann le rioscaí síceasóisialta agus le meabhairshláinte agus tionóiscí agus galair a bhaineann leis an obair a chosc, go háirithe NMCanna,

47. CUR LE cur chun cinn na sláinte agus galair a bhaineann leis an obair a chosc, go háirithe maidir le rioscaí síceasóisialta agus eirgeanamaíocha mar chuid den mheasúnú riosca éigeantach a dhéantar in áiteanna oibre.

48. FEABHAS A CHUR ar chomhar idir fostóirí agus saineolaithe cúraim sláinte agus é mar aidhm leis sin tinnis agus tionóiscí a bhaineann leis an obair a laghdú, agus aird ar leith á tabhairt ar neamhoird mheabhracha agus NMCanna.

49. Cur chuige '*Vision Zero*' A CHUR CHUN CINN lena saothrófaí an cuspóir uaillmhianach gach cineál dochair san áit oibre a chosc.

50. An fheasacht ar NMCanna ag an obair A MHÉADÚ agus na rioscaí a bhaineann leo le linn an tsaoil A LAGHDÚ, go háirithe trí chomhar idir saineolaithe agus struchtúir fostaíochta, sláinte agus oideachais.

D'fhonn guaiseacha a dhíothú agus galair a chosc, lena n-áirítear ailse de dheasca substaintí contúirteacha a bheith á n-úsáid ar an láthair oibre,

51. cumhdach oibrithe A FHEABHSÚ, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó an cleachtas náisiúnta, trí fhaireachas sláinte ar feadh a saoil, agus, go háirithe i gcás na n-oibrithe a nochtadh do shubstaintí contúirteacha sonracha, lena n-áirítear an tréimhse tar éis dheireadh an nochta, fad a mheasann an liachleachtóir nó an t-údarás atá freagrach as faireachas sláinte a dhéanamh ar oibrithe gur gá sláinte na n-oibrithe lena mbaineann a choimirciú.

52. an tábhacht atá le measúnú riosca agus le hordlathas na mbeart coiscteach chun tionóiscí agus galair cheirde a chosc A CHUR I dTREIS.

D'fhonn áiteanna agus dálaí oibre a chur in oiriúint do lucht saothair atá ag dul in aois, agus freisin, d'fhonn daoine a bhí neamhghníomhach roimhe sin agus daoine faoi mhíchumas a spreagadh le dul ag obair

53. cumas oibre a CHOINNEÁIL agus A FHEABHSÚ trí straitéisí agus bearta náisiúnta OSH d'fhonn go mbeidh páirt ag gach oibrí, idir óg agus aosta, sa saol oibre agus go mbeifear in ann aghaidh a thabhairt ar dhúshláin OSH a bhaineann le forbairtí déimeagrafacha, agus TACÚ LE bearta lena gcuirtear ar chumas daoine a bhfuil a sláinte ag meath agus daoine faoi mhíchumas a bheith rannpháirteach sa saol oibre agus rannchuidiú leis.

54. MOLADH d'fhostóirí, agus leibhéal ard iomchuí cuí cosanta á choinneáil ag an am céanna, agus i gcomhréir le dlí an tsaothair agus i gcomhréir le dlíthe náisiúnta agus le cleachtais náisiúnta, cleachtais agus deiseanna oibre solúbtha inbhuanaithe le bheith ag obair ón mbaile a cheadú chun cuidiú le hoibrithe post a choinneáil ar feadh tréimhse níos faide.

55. Bon***n*** eolais na bhfostóirí A NEARTÚ maidir le tacú leis an gcumas chun obair a dhéanamh agus filleadh ar an obair tar éis saoire bhreoiteachta, agus comhar trasearnála A MHÉADÚ idir réimsí éagsúla beartais chun idirdhealú a laghdú agus deiseanna fostaíochta comhionanna a chothú do dhaoine a bhfuil cumas páirteach nó srian oibre orthu, lena n-áirítear daoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu.

**IARRANN SÍ AR NA COMHPHÁIRTITHE SÓISIALTA,** agus a neamhspleáchas, a n-inniúlachtaí agus a dtraidisiúin náisiúnta á n-urramú,

56. LEANÚINT DE ról gníomhach a bheith acu i gcur chun feidhme agus feabhsú OSH, i ndlúthchomhar leis na húdaráis inniúla agus le geallsealbhóirí iomchuí eile.

57. LEANÚINT DE bheith rannpháirteach sna hiarrachtaí chun dálaí oibre sábháilte cuibhiúla a áirithiú.

58. COMHOIBRIÚ go gníomhach ar leibhéal na fiontraíochta, ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda sna fóraim ábhartha éagsúla a bhíonn ag plé le OSH.

59. RÓL gníomhach A GHLACADH ó thaobh straitéisí agus beartais náisiúnta OSH a fhorbairt agus a chur chun feidhme, tacú le cultúr coisc a chur chun cinn agus é sin a mholadh, agus a bheith rannpháirteach i mbailiú sonraí staidrimh.

60. tacaíocht agus, i gcás inarb iomchuí, oiliúint A CHUR AR FÁIL d'fhostóirí agus d'oibrithe, lena n-áirítear ionadaithe oibrithe OSH, chun an t-eolas, na scileanna agus na bearta is gá a chur chun cinn le rioscaí OSH a shainaithint, a mheas agus a rialú.

**Tagairtí**

Treoir 89/391/CEE **ón gComhairle** an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a mholadh (An Treoir Réime maidir le OSH)

Creat Straitéiseach an Aontais Eorpaigh maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair 2014-2020: Ag oiriúnú do dhúshláin nua

*Towards better health and safety in the workplace - Opinion on Future Priorities of EU OSH Policy* [Ar mhaithe le sláinte agus sábháilteacht níos fearr san áit oibre — Tuairim maidir le Tosaíochtaí Bheartas an Aontais maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair] 1048/19 ó Mheitheal an Choiste Chomhairligh um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair

Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún: *Safer and Healthier Work for All - Modernisation of the EU Occupational Safety and Health Legislation and Policy* (COM(2017) 12 final) [Obair níos Sábháilte agus níos Folláine do Chách - Nuachóiriú ar Reachtaíocht agus ar Bheartas an Aontais maidir le Sábháilteacht agus Sláinte Ceirde]

Conclúidí ón gComhairle mhí an Mhárta 2015 'Creat Straitéiseach an Aontais Eorpaigh maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair 2014-2020: Ag oiriúnú do dhúshláin nua'

Conclúidí ón gComhairle mhí Mheán Fómhair 2015 'Clár nua Oibre maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair chun dálaí oibre níos fearr a chothú'

Conclúidí ón gComhairle mhí na Bealtaine 2019 ′Saol oibre atá ag athrú: smaointe maidir le cineálacha nua oibre agus na himpleachtaí do shábháilteacht agus sláinte oibrithe'

Conclúidí ón gComhairle Deireadh Fómhair 2019 maidir le geilleagar na dea-bhaile, IO C 400, 26.11.2019, lch. 9